C/2026/2429

24.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12311 — MESSER / AMBRIAN ENERGY / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2429)

1. An 17 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Messer SE & CO KGaA ('Messer', an Ghearmáin) atá faoi rialú Messer Industrie GmBH ('Messer Group', an Ghearmáin),

— Ambrian Energy GmbH ('Ambrian Energy', an Ghearmáin), faoi rialú V & & V Kapital Invest GmbH & Co. KG (an Ghearmáin).

Gheobhaidh Messer agus Ambrian Energy rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar NewCo (an Ghearmáin).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Baineann Messer le Messer Group, atá gníomhach i dtáirgeadh agus i soláthar gás tionsclaíoch, gás speisialtachta, gás leighis agus meascán gáis san Eoraip agus ar fud an domhain,

— Tá Ambrian Energy gníomhach go príomha i mórdhíol agus stóráil táirgí ola mianraí, amhail peitreal, díosal agus ola téimh, agus bithbhreoslaí, go háirithe i dTuaisceart na Gearmáine.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag NewCo: críochfort onnmhairiúcháin CO2 rochtana oscailte a thógáil, a úinéireacht agus a oibriú i limistéar calafoirt Bremen na Gearmáine. Stórálfaidh críochfort onnmhairiúcháin NewCo CO2 go hidirmheánach chun é a iompar ar muir ina dhiaidh sin agus chun é a bhuanstóráil go geolaíoch sa Mhuir Thuaidh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12311 — MESSER / AMBRIAN ENERGY / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË